

Géarchéim na dTeifeach

Ar chóir d'Éire níos mó a dhéanamh ar son géarchéim na dteifeach? Ceist chonspóideach í seo atá i gcinn leath an phobail sa lá atá inniu ann. Tá sé ráite ag an Taoiseach Enda Kenny go bhféadfadh an tír seo glacadh le níos mó teifigh ná mar a smaoinadh roimhe seo. Tá sé socraithe go mbeidh ceithre mhíle duine ag teacht go hÉirinn ag teitheadh ó ghéarleanúint, ó sclábhaíocht agus ó smugláil. Cuireann sé alltacht orm cé chomh uafásach is a bhí saol na ndaoine seo in áiteanna mar an tSiria agus an Iaráic. Níl sé ceart, cóir ná cothrom.

Conas a thosaigh an ghéarchéim? Ceist chonspóideach í atá ag crá agus ag creimeadh na tíre. I Márta 2011, chuaigh agóid shíochánta mícheart agus thosaigh rialtas Shiria ag marú daoine. Chun an fhírinne a rá, tá sé ag dul in olcas. Tá drochbhail ar na báid atá ag tógáil thart fá dhá mhíle duine gach lá. D'fhág na daoine seo a dtithe agus a saol chun turas fada a dhéanamh go dtí áiteanna mar an Ghréig agus tíortha eile san Eoraip. Uaireanta, ní bhíonn bróga acu agus siúlann siad thart fá fiche ciliméadar gach lá ag iarraidh saoil nua.

Chuala mé scéal uafásach sa nuacht go bhfuair siad corp bhuachalla dárbh ainm Aylan Kurdi a bád i bhfarraige an Aigéin. Is éagóireach an ní é agus cuireann sé alltacht orm. Caithfidh an domhain rud éigin a dhéanamh faoi ghéarchéim na dteifeach agus na daoine a shábháil óna saol atá ina chior thuathail. Ach cad é réiteach na faidhbe? Bheadh gaois Sholaimh de dhíth...